Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10525/26**

**DELACT 97**
**PECHE 237**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3903 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.6.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3903 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3903 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
C(2026) 3903 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a leasú chun na hathruithe a chur chun feidhme mar a leagtar amach i Moladh 25-09 ICCAT maidir le húsáid thurgnamhach dolghaistí[2], ar Moladh é a glacadh ag an 29ú cruinniú bliantúil den Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) i mí na Samhna 2025.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 67(4) de Rialachán (AE) 2023/2053, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú maidir leis an dréachtrialachán.

I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[3], cuireadh an rialachán tarmligthe faoi bhráid na gcomhreachtóirí (Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh) le haghaidh comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1154 leis an Rialachán Tarmligthe trí fhoráil a dhéanamh maidir le húsáid teaglaim de dhuáin agus lúba is féidir a chur nó a thógáil ar bord soithí ina ndírítear ar cholgáin.

---

[1] Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1154/oj).

[2] Moladh 25-09 ó ICCAT maidir le húsáid thurgnamhach dolghaistí, https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2025-09-e.pdf.

[3] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí[1], agus go háirithe Airteagal 34, mír 1, pointe (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) é an tAontas, ós rud é go ndearna sé an t-aontachas do Choinbhinsiún ICCAT a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[2].

(2) Glacann ICCAT bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin a chosaint. D'fhéadfadh bearta mar sin a bheith ina gceangal ar an Aontas.

(3) Ghlac ICCAT, ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2025, Moladh 25-09[3] maidir le trealamh iascaireachta a úsáidtear san iascach colgán. I gcomhthéacs trealamh iascaireachta, déantar foráil sa Mholadh sin maidir le húsáid lúb comhcheangailte den chóras duán atá ann faoi láthair. Ba cheart an beart sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(4) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

---

[1] Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1154/oj)

[2] Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj)

[3] Moladh 25-09 ó ICCAT maidir le húsáid thurgnamhach dolghaistí, https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2025-09-e.pdf.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1154 mar a leanas:

In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Socrófar gurb é 2 500 a bheidh sa líon uasta duán agus lúb rigeáilte comhcheangailte (sraith fáinní comhlárnacha de mhéid méadaitheach inar féidir duáin agus/nó baoite saorga a chur sna fáinní níos lú agus inar féidir soilse a cheangal de na fáinní níos mó) a fhéadfaidh soithí iascaireachta atá ag díriú ar cholgáin Mheánmhuirí a chur nó a iompar ar bord.

2. De mhaolú ar mhír 1, ceadófar an dara foireann 2 500 duán agus lúb rigeáilte comhcheangailte ar bord soithí iascaireachta le haghaidh turais níos faide ná 2 lá ar choinníoll go ndéanfar í a fháisceadh agus a stuáil go hiomchuí ar dheiceanna íochtair ionas nach bhféadfar í a úsáid go héasca.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*